**Filleadh ar an gCampas – Cáipéis Chomhairleach an Bhainisteora Líne/an Chinn Scoile/Aonaid**

*Táimid ag obair ar ár bpleananna maidir le filleadh ar an gCampas i Meán Fómhair 2021 i gcomhréir le seasamh an Rialtais an fhoghlaim ar an láthair i measc mac léinn san Ardoideachas a mhéadú don bhliain acadúil atá le teacht.*

*Ar an gcaoi sin, táim cinnte de go mbeidh roinnt ceisteanna agat maidir le filleadh ar an gcampas de. Do roinnt comhaltaí foirne, beidh beagnach 18 mí caite ó bhíomar ag obair ar an gcampas.*

*Chuireamar roinnt ceisteanna agus freagraí do Bhainisteoirí i dtoll a chéile le hucht na bhfiosrúchán a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Chuireamar cáipéis chomhairleach do chomhaltaí foirne i dtoll a chéile freisin.*

1. **Cén chaoi a ndéanaim cinneadh maidir le filleadh ar an gcampas do chomhaltaí foirne?**
   Ba chóir an cinneadh maidir le filleadh ar an gcampas a ghlacadh ar bhonn socraithe/pleanáilte. Ba chóir go mbeadh an méid seo á threorú ag na gníomhaíochtaí agus ag an obair atá le déanamh ar an gcampas leis an bhfoghlaim ar an láthair a uasmhéadú/le go dtarlóidh an oiread foghlaim ar an láthair agus is féidir? agus le tacú leis na gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde ar an gcampas. Ba chóir go gcinnfeadh an t-aonad agus bainisteoir an aonaid na riachtanais ghnó a bhaineann le freastal ar an gcampas agus ansin ba chóir go gcuirfí léiriú an phlean agus aon sonra eile ar fáil do chomhaltaí foirne.

2. **Cén dáta ar dócha go mbeidh comhaltaí foirne ag teacht ar ais chun an champais?**
   Is dócha gurb é ón 30 Lúnasa i leith é. Beidh sé ag brath ar an réimse agus ar chineál na hoibre. Féadfar go dtiocfaidh réimsí áirithe ar ais roimh 30 Lúnasa agus féadfar go dtiocfaidh réimsí eile i ndiaidh an dáta sin. Beidh an filleadh ag brath ar an réimse agus ar chineál na hoibre.

3. **Céard atá le déanamh má chuireann comhalta foirne in iúl go mbaineann sé/sí le catagóir ardriosca agus nach féidir leis/léi filleadh ar an gcampas?**
   I gcúinsí a chuireann comhalta foirne in iúl go mbaineann sé/sí le catagóirí ardriosca, nó comhaltaí foirne atá ag iompar clainne agus gan vaicsín a bheith faighte acu, agus buairt orthu filleadh ar an gCampas, d'fhéadfaí go ndéanfaí a n-atreorú chuig ár Seirbhís Sláinte Ceirde chun críche measúnaithe. Iarrfaimid ort go gcuirfeá in iúl méid na gníomhaíochta ar an gcampas atá á iarraidh ar an gcomhalta foirne aonair, agus an obair atá á déanamh. Cuideoidh an méid sin leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde comhairle níos soiléire a chur ar fáil. Ina cheann sin, má tá litir ag an bhfostaí do Dhochtúir Teaghlaigh nó do Dhochtúir Comhairleach ba chóir an litir sin a sholáthar don Dochtúir Sláinte Ceirde. A thúisce agus a gheofar tuairisc ar ais ón tSeirbhís Sláinte Ceirde is amhlaidh a éileofar cruinniú leis an bhfostaí. Beidh tacaíocht AD ar fáil don Bhainisteoir Líne/Cheann Scoile/Aonaid maidir leis na chéad chéimeanna eile agus leis an gcomhrá riachtanach a bheidh le déanamh leis an gcomhalta foirne.

4. **An éileofar ar chomhaltaí foirne foirm maidir le Filleadh ar an gCampas a chomhlánú?**
   I gcomhréir le treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta, éileofar ar **gach comhalta foirne** foirm maidir le filleadh ar an gcampas a chomhlánú 3 lá ar a laghad sula bhfillfidh siad ar an gcampas. Beidh an fhoirm ann le cinntiú nach mbeidh airíonna ar chomhaltaí foirne, nó nach mbeidh orthu féin-aonrú a dhéanamh ag an tráth sin. I mbliana, beidh níos lú ceisteanna san fhoirm agus ní iarrfar ar chomhaltaí foirne a stádas leighis a nochtadh, i.e. an mbaineann fostaí le catagóir ardriosca nó nach mbaineann. San áit a mbaineann fostaí le catagóir ardriosca agus a bhfuil údar imní aige/aici dá réir, ba chóir an cheist a chíoradh díreach leis an mBainisteoir Líne nó leis an gCeann Scoile/Aonaid. Is féidir leat teacht ar an bhfoirm anseo (tabhair faoi deara go mbeidh ar chomhaltaí foirne OÉ Gaillimh logáil isteach lena ndintiúirí Office 365 le rochtain a fháil ar an bhfoirm).

**5. An gcaithfidh an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile/Aonaid gach comhrá maidir le filleadh ar an obair a dhéanamh? D'fhéadfaí go mbeadh an méid sin doiligh nuair a bhíonn foirne móra i gceist.**

Cé gurb é an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile/Aonaid a éascóidh aon chomhrá maidir le filleadh ar an gcampas i bhformhór na gcásanna, tuigtear i gcás scoileanna nó aonad atá níos mó gurb éigean do bhainistíocht shinsearach bainisteoir malartach a shannadh le tacú leis an bpróiséas pleanála áitiúil d'fhonn go gcinnteofar go mbeidh teacht ag gach comhalta foirne ar an tacaíocht seo.

**6. Céard a dhéanfaidh mé má chuireann comhalta foirne in iúl go bhfuil airíonna air/uirthi?**

Is féidir go mbeidh breoiteacht mar thoradh ar ionfhabhtú an víris is cúis le COVID-19, idir bhreoiteacht atá éadrom, bhreoiteacht atá trom, agus, i gcásanna faoi leith, bhreoiteacht atá marfach. Is féidir go mbeidh 14 lá ann sula mbeidh airíonna le sonrú. Is féidir go mbeidh na hairíonna seo cosúil le hairíonna an tslaghdáin nó an fhliú.

Ar airíonna coitianta an choróinvíris tá:

- fiabhras (teocht ard - 38 céim Celsius nó os a chionn).
- casacht nua - is féidir gur casacht de chineál ar bith a bheith i gceist, ní hamháin casacht thirim.
- gearranáil nó deacrachtaí anála.
- cailleadh nó athrú ar do bholadh nó ar do bhlas – ciallaíonn seo gur thug tú faoi d'aire nach bhfuil tú in ann boladh ná blas a fháil ar rud ar bith, nó go bhfuil boladh nó blas éagsúil ar rudaí le hais mar a bhíonn de ghnáth.

Má chuireann fostaí in iúl go bhfuil ceann ar bith d'airíonna coitianta COVID-19 (an coróinvíreas) air/uirthi, ba chóir dó/di féin-aonrú a dhéanamh, agus glaoch gutháin a chur ar a D(h)ochtúir Teaghlaigh láithreach bonn feiceáil an bhfuil tástáil COVID-19 saor in aisce de dhíth air/uirthi. Ba chóir dó/di tú féin mar Bhainisteoir Líne/Cheann Scoile/Aonaid a chur ar an eolas go bhfuil sé/sí tinn, go ndearna sé/sí teagmháil lena D(h)ochtúir Teaghlaigh agus go bhfuil sé/sí ag fanacht le tástáil. Nuair is féidir leis/léi obair go cianda, ba chóir dó/di coinneáil ag obair má tá sé/sí ag aireachtáil sách maith lena haghaidh. Má tá sé/sí tinn agus nach bhfuil sé/sí in ann obair is amhlaidh a bheidh air/uirthi teastas leighis a sholáthar.

A thúisce agus a bheidh torthaí a t(h)ástála COVID-19 ag fostaí, ba chóir dó/di a B(h)ainisteoir Líne/C(h)eann Scoile/Aonaid a chur ar an eolas faoina leithéid. Sa chás go bhfuair sé/sí toradh dearfach, is amhlaidh a dhéanfar an méid sin a thaifeadadh mar shaoire le pá a bhaineann le COVID-19. Déanfar aon neamhláithreacht eile a thaifeadadh mar ghnáthshaoire bhreoiteachta.

**7. Céard ba chóir dom a mholadh do chomhaltaí foirne má tá siad ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar Obair Chianda/Hibrideach?**

I láthair na huaire, táimid ag obair ar Pholasaí maidir le hObair Hibrideach/Chianda agus tá súil againn go dtabharfar faomhadh dó faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair. Idir an dá linn, feictear dúinn gur dócha go mbeidh múnla oibre hibrideach i bhfeidhm agus muid ag filleadh ar an gcampas don bhliain acadúil atá le teacht, múnla oibre mar a mbeidh comhaltaí foirne ag obair roinnt laethanta ar an gcampas agus laethanta eile ag obair go cianda sa bhaile. I láthair na huaire, nílimid saintreorach maidir le céard ba chóir a bheith i gceist leis an socrú oibre seo; beidh an méid sin ag brath ar na riachtanais ghnó. Mar sin féin, is éard a d'iarrfaimid go mbeadh cóir agus oscailteacht ag roinnt le haon chinneadh a ghlactar.

**8. An féidir le comhalta foirne obair go cianda lasmuigh den Tír?**

Ba chóir do gach comhalta foirne, cuma má éilíonn a ról orthu bheith ar an gcampas nó má tá siad ag obair ón mbaile, cónaí a bheith orthu i bPoblacht na hÉireann.

9. **Céard iad na Bearta Sláinte Poiblí a bheidh i bhfeidhm don Fhilleadh ar an gCampas?**
Tá an chomhairle maidir le masc a chaitheamh i spásanna laistigh agus le sláinteachas lámh i bhfeidhm i gcónaí. Ba chóir duit do choinneáil ar an eolas faoi na hathruithe ar Bhearta Sláinte Poiblí de réir mar a thagann siad chun cinn. Beidh comhairle ar fáil ar láithreán gréasáin Foirgnimh agus Eastáit na hOllscoile freisin.

10. **Céard iad na tacaíochtaí a bheidh ar fáil do chomhaltaí foirne a bheidh ag filleadh ar an gcampas agus a bhfuil imní orthu?**
Tá an Dochtúir Sláinte Ceirde (DSC), agus an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (EAS) ar fáil do chomhaltaí foirne má tá buairt orthu faoi ghné ar bith maidir le filleadh ar an gcampas agus más mian leo an bhuairt sin a chíoradh le duine.

11. **Céard é an tionscadal UniCoV?**
Chomhairlíomar do chomhaltaí foirne go bhfuil an rogha acu páirt a ghlacadh sa tionscadal ollscoile mar go bhfuil OÉ Gaillimh páirteach i staidéar taighde tábhachtach nua maidir le tástáil COVID-19 ar champas.

An aidhm atá leis measúnú a dhéanamh ar mhearthástáil do COVID-19 agus córas réamhrabhaidh a fhorbairt chun ráigeanna a bhrath in ollscoileanna. D'fhéadfadh torthaí an staidéir seo a bheith ríthábhachtach ar deireadh i ndáil leis an bpleanáil don oiread mac léinn agus comhaltaí foirne a bheith ar ais ar an gcampas.

Le go mbeidh rath ar an staidéar, teastaíonn uainn go nglacfaidh comhaltaí foirne agus mic léinn páirt ann, fiú má tá siad vacsaínithe cheana féin. Beidh an deis agat dul faoi thástáil faoi dhó in aghaidh na seachtaine.

D'fhéadfaí go mba mhaith leat comhaltaí foirne a mheabhrú faoin tionscadal seo. Is féidir teacht ar shonraí faoi pháirt a ghlacadh sa staidéar UniCoV ar https://unicov.org/join- the-study-nui-galway/

12. **Céard é an seasamh maidir le Vaicsín Covid?**
Ní bheimid ag éileamh ar chomhaltaí foirne a thaispeáint go bhfuil vaicsín faighte acu. Ar ndóigh, mholfaimis do chomhaltaí foirne vaicsín a fháil.

Tá Tairseach Vaicsaínithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar oscailt anois agus is féidir leat clárú anseo https://vaccine.hse.ie/

Le clárú ar líne beidh d'uimhir Seirbhíse Poiblí Pearsanta (PSP), d'Éirchód, uimhir fón póca agus seoladh ríomhphoist de dhíth ort. Tar éis duit clárú ar an láithreán gréasáin nó ar an bhfón, cuirfear ar an eolas thú 3-7 lá roimh ré go bhfuil coinne vacsaíne faighte agat ag ionad vacsaíne de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá ionaid vacsaíne gan réamhchoinne á bhfeidhmiú ag an FSS chomh maith más mian le comhaltaí foirne úsáid a bhaint as an rogha seo

**Tabhair faoi d'aire: Ní mór d'fhostóirí agus do chomhaltaí foirne coinneáil ar an eolas faoin bhfaisnéis Sláinte Phoiblí is reatha mar go ndéanfar nuashonrú uirthi seo ar bhonn rialta.**